

An Bhruiséil, 24 Meitheamh 2026
(OR. en)

10465/26

Comhad Idirinstitiúideach:
2025/0544(CNS)

RECH 279
COMPET 762
IND 410
MI 626
EDUC 268
TELECOM 312
ENER 393
ENV 720
CLIMA 326
AGRI 493
TRANS 416
SAN 475
BIOTECH 79

NÓTA MAIDIR LE MÍR "A"

ó:	Ardrúnaíocht na Comhairle
chuig:	An Chomhairle
Ábhar:	An Pacáiste Fís Eorpach: An Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht 2028-2034 Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - <i>Cur chuige ginearálta</i>

Gheobhaidh na toscaireachtaí thíos téacs athbhreithnithe ón Uachtaránacht.

Ní shocrófar na méideanna tagartha nó go gcuirtear clabhsúr ar an gcaibidlíocht maidir leis an gCreat Airgeadais Ilbhliantúil.

Eisiatar na forálacha idir lúibíní ón gcur chuige ginearálta páirteach.

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, lena leagtar síos na rialacha maidir le rannpháirtíocht agus scaipeadh faoin gClár sin, agus lena n-aisghairtear Cinneadh (AE) 2021/764

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 182(4) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa¹,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa²,

Ag féachaint don tuairim ó Choiste na Réigiún³,

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

¹ IO C [...], [...], lch. [...].

² IO C [...], [...], lch. [...].

³ IO C [...], [...], lch. [...].

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) I gcomhréir le hAirteagal 182(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE), tá Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh na tréimhse 2028-2034, ('Fís Eorpach'), a bhunaítear le Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, le cur chun feidhme trí Chláir Shonracha lena sainítear na rialacha mionsonraithe maidir lena gcur chun feidhme, lena socraítear a ré agus lena bhforáiltear an maoiniú a mheastar is gá.
- (2) Le Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach], leagtar amach cuspóirí ginearálta agus sonracha an chláir Fís Eorpach, struchtúr agus imlínte na gníomhaíochtaí atá le déanamh, agus ba cheart don Chlár Sonrach seo, lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach (an 'Clár Sonrach'), na cuspóirí oibríochtúla agus na gníomhaíochtaí a bhaineann go sonrach le codanna den chlár Fís Eorpach a shainiú. Tá na forálacha maidir lena chur chun feidhme a leagtar amach i Rialachán XXX infheidhme go hiomlán maidir leis an gClár Sonrach.
- (2a) Chun an tionchar is fearr is féidir a imirt ar chuspóirí an Chláir Shonraigh, agus ar na tosaíochtaí a shaineoidh na sásraí rialachais, ba cheart a áirithiú go n-úsáidfí cur chuige comhordaithe idir na hionstraimí agus na gníomhaíochtaí éagsúla chun an Clár Sonrach a chur chun feidhme a áirithiú.
- (3) Chuathas i gcomhairle le Bord Gobharnóirí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) a bunaíodh le Cinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún⁴, faoi ábhar eolaíoch agus teicneolaíoch an Chláir Shonraigh le haghaidh gníomhaíochtaí díreacha neamhnúicléacha JRC.
- (4) Leagtar síos leis an gCinneadh seo ón gComhairle imchlúdach airgeadais tascach don Chlár Sonrach.

⁴ Cinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún an 10 Aibreán 1996 maidir le hatheagar a chur ar an Airmheán Comhpháirteach Taighde (IO L 107, 30.4.1996, lch. 12, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/1996/282/oj>).

- (5) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir le cur chun feidhme an Chláir Shonraigh tríd na cláir oibre, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle⁵.
- (5a) Ba cheart é a bheith d'aidhm ag cláir oibre simpliú, solúbthacht agus inrochtaineacht a bhaint amach d'iarratasóirí. Laistigh de na réimsí tosaíochta téamacha a shainítear go straitéiseach, ba cheart cur chuige cothrom a áirithiú idir gníomhaíochtaí ón mbun aníos agus ábhair réamhshainithe. Ba cheart do chláir oibre líon na n-ábhar a laghdú, a dtuairiscí a ghiorrú agus teorainn a chur le topaicí tionscadail aonair, agus ar an gcaoi sin próiseas níos oscailte agus níos iomaíche a chur chun cinn agus níos mó saoirse a thabhairt d'iarratasóirí a gconairí éagsúla a shainiú chun na cuspóirí ábhartha T&N a bhaint amach.

⁵ Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún IO L 55, 28.2.2011, lgh. 13–18.

(5b) Chun treoshuíomh comhleanúnach agus straitéiseach an Chláir a áirithiú agus chun gur féidir leis na Ballstáit ionchur straitéiseach a sholáthar ag céim luath sula bhforbrófar na cláir oibre, ba cheart anailísí ábhartha, lena n-áirítear ón bhFaireachlann um Theicneolaíochtaí atá ag teacht chun cinn, tuarascálacha fadbhreathnaitheachta, chomh maith le hionchur fianaisebhunaithe ó pháirtithe leasmhara, agus comhairle ón gCoiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN) ina dhiaidh sin a dhéanamh chun tús a chur leis an bpróiseas straitéiseach socraithe tosaíochtaí. Ba cheart an chomhairle sin a chur san áireamh sa doiciméad straitéiseach ilbhliantúil de chuid na Físe Eorpaí, lena gcumhdaítear ceithre cholún an Chláir, atá á ullmhú ag an gCoimisiún. Ba cheart an chuid den doiciméad straitéiseach ilbhliantúil de chuid na Físe Eorpaí lena gcumhdaítear an chomhpháirt iomaíochais de chuid Cholún II a bheith mar an gcéanna leis an gcuid de dhoiciméad straitéiseach ilbhliantúil CEI lena gcumhdaítear comhpháirt iomaíochais Cholún II. Ba cheart d'fhoirmíocht straitéiseach choiste an chláir Fís Eorpach moltaí a chur faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le treoir straitéiseach fhoriomlán agus tosaíochtaí foriomlána na Físe Eorpaí sula n-ullmhófar na cláir oibre. Ba cheart don fhoirmíocht straitéiseach ina ról comhairleach fónamh freisin mar fhóram chun an comhar agus an chomhroinnt faisnéise a éascú idir na Ballstáit maidir le saincheisteanna a bhaineann leis an Rialachán seo. Ba cheart dó rannchuidiú freisin le comhleanúnachas agus sineirgí le cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais a áirithiú, d'fhonn an tionchar a uasmhéadú agus forluí feadh an aistir nuálaíochta ar fad a sheachaint. Go háirithe, ba cheart comhordú iomchuí, lena n-áirítear cruinnithe comhpháirteacha, a áirithiú leis an gCoiste Ginearálta arna bhunú faoi Rialachán (AE) XXX [CEI], ag gníomhú dó ina cháil chomhairleach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna a bhfuil ábharthacht choiteann ag baint leo i ndáil le taighde, nuálaíocht agus iomaíochas, go háirithe treoshuíomhanna agus tosaíochtaí straitéiseacha na comhpháirte iomaíochais de Cholún II de chuid na Físe Eorpaí.

- (5c) Ba cheart don Choimisiún Coiste an Chláir a chur ar an eolas go tráthrialta faoin dul chun cinn foriomlán maidir le cur chun feidhme an Chláir Shonraigh, agus ba cheart dó faisnéis thráthúil a sholáthar dó maidir leis na gníomhaíochtaí agus na comhpháirteanna uile. Ba cheart an méid seo a leanas a áirithiú leis sin: Faisnéis faoi thionscadail aonair, lenar féidir faireachán a dhéanamh ar shaolré iomlán gach togra, lena gcumhdaítear go háirithe an méid seo: tograí arna tíolacadh; na torthaí meastóireachta le haghaidh gach togra; na comhaontuithe deontais; tionscadail fhoirceanta agus chríochnaithe. Faisnéis faoi thoradh gach glao agus faoi chur chun feidhme tionscadal, lena gcuimseofar go háirithe an méid seo: torthaí gach glao; scóir mheastóireachta na dtograí agus dialltaí ó na scóir sin sa liosta rangaithe lena mbaineann; na coigeartuithe arna iarraidh ar na tograí; toradh na caibidlíochta i ndáil le comhaontuithe deontas; cur chun feidhme tionscadal, lena n-áirítear sonraí íocaíochta agus torthaí na dtionscadal; na tograí a ndearna saineolaithe neamhspleácha meastóireacht orthu, ach ar dhiúltaigh an Coimisiún dóibh. Faisnéis faoi chur chun feidhme an chláir, lena n-áirítear faisnéis ábhartha ar leibhéal na Físe Eorpaí, an Chláir Shonraigh, gach cuspóra shonraigh agus téamaí gaolmhara, mar aon leis na sineirgí le cláir ábhartha eile de chuid an Aontais. Faisnéis faoi fhorghníomhú chomhpháirteanna agus fho-chomhpháirteanna bhuiséad Fhís Eorpach.
- (6) Ba cheart an nós imeachta scrúdúcháin a leagtar amach i Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a úsáid chun na cláir oibre a ghlacadh i bhfianaise impleachtaí tábhachtacha airgeadais an Chláir Shonraigh, cé is moite den Chomhairle Eorpach um Thaighde, áit a n-úsáidfear an nós imeachta comhairleach.
- (7) Cuirtear an Clár Sonrach in ionad an Chláir Shonraigh Fís Eorpach arna bhunú le Cinneadh (AE) Uimh. 2021/764 ón gComhairle⁶. Dá bhrí sin, ba cheart Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle a aisghairm.

⁶ Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle an 10 Bealtaine 2021 lena mbunaítear an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht, agus lena n-aisghairtear Cinneadh 2013/743/AE (IO L 167I, 12.5.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/dec/2021/764/oj>)

- (8) Ba cheart an Clár Sonrach a chur chun feidhme i gcomhréir le prionsabal an smachta reachta agus leis na cearta agus na prionsabail a leagtar amach i gCairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus ba cheart é a bheith i gcomhréir le hoibleagáidí idirnáisiúnta an Aontais agus na mBallstát a eascraíonn as na hionstraimí idirnáisiúnta a bhfuil siad ina bpáirtithe iontu, lena n-áirítear Cairt um Chearta Bunúsacha an Aontais Eorpaigh agus an Coinbhinsiún chun Cearta an Duine agus Saoirsí Bunúsacha a Chosaint agus na Prótacail Bhreise a ghabhann leis, chomh maith le hionstraimí cosúil le Coinbhinsiún na Náisiún Aontaithe ar Chearta Daoine faoi Mhíchumas.

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Caibidil I

Forálacha Ginearálta

Airteagal 1

Ábhar

1. Bunaítear leis an gCinneadh seo an Clár Sonrach lena gcuirtear chun feidhme Fís Eorpach - an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht le haghaidh thréimhse an chreata airgeadais ilbhliantúil ('CAI') 2028-2034 (an 'Clár Sonrach') mar a leagtar amach in Airteagal 1(2) pointe (a) de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach].
2. [Leis an gCinneadh seo, leagtar síos buiséad an Chláir Shonraigh le haghaidh na tréimhse 2028-2034, na rialacha maidir le cur chun feidhme an Chláir Shonraigh agus na gníomhaíochtaí atá le déanamh faoin gClár Sonrach.]
3. Tá feidhm freisin ag sainmhínithe, cuspóirí, struchtúr agus buiséad Fís Eorpach – an Clár Réime um Thaighde agus um Nuálaíocht a leagtar amach i Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] maidir leis an gClár Sonrach.

Airteagal 2

Cuspóirí oibríochtúla

1. Rannchuideoidh an Clár Sonrach leis na cuspóirí ginearálta agus sonracha a leagtar amach in Airteagal 3 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach].
2. Tá na cuspóirí oibríochtúla seo a leanas ag an gClár Sonrach:
 - (a) táirgeadh taighde eolaíoch den scoth agus institiúidí taighde ceannródaíocha domhanda a chothú;
 - (b) tacú le soghluaisteacht, oiliúint agus forbairt gairme taighdeoirí;
 - (c) taighdeoirí den scoth a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip;
 - (d) comhar agus ildisciplíneacht a chothú agus a neartú, lena n-áirítear le hEolaíochtaí Sóisialta agus Daonnachtaí chun eolas nua a ghiniúint;
 - (e) luachshocrú eolais a fheabhsú agus saothrú torthaí taighde agus nuálaíochta a spreagadh, lena n-áirítear trí ghníomhaíochtaí caighdeánaithe;
 - (f) bonneagair thaighde agus theicneolaíochta a nascadh le chéile agus a fhorbairt ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET) chun rochtain thrasnáisiúnta a sholáthar agus chun a n-úsáid a bharrfheabhsú;
 - (g) tacú le cruthú agus méadú na teicneolaíochta doimhne agus gnólachtaí nuathionscanta nuálacha;
 - (h) glacadh teicneolaíochta agus léiriú ar nuálaíocht shuaiteach a chothú;
 - (i) rannpháirtíocht eagraíochtaí taighde ó na tíortha a thagann faoin bhfairsingiú agus ó na tíortha aistrithe dá dtagraítear in Airteagal 19 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] a mhéadú;
 - (j) eolaíocht oscailte a chothú agus infheictheacht don phobal agus an rochtain oscailte ar thorthaí a áirithiú nuair is féidir.

[Airteagal 3

Buiséad

1. I gcomhréir le hAirteagal 6(1) de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] tá sé socraithe gur EUR 175 002 000 000 i bpraghsanna atá ann faoi láthair a bheidh san imchlúdach airgeadais tásach do chur chun feidhme an Chláir Shonraigh le haghaidh na tréimhse 2028 go 2034.
2. Déanfar an méid dá dtagraítear i mír 1 den Airteagal seo a dháileadh ar na codanna mar a leagtar amach in Airteagal 6(2) de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach].

Airteagal 4

Cláir oibre

1. Is leis na cláir oibre dá dtagraítear i mír 2 den Airteagal seo i gcomhréir le hAirteagal 110 de Rialachán (AE, Euratom) 2024/2509 a chuirfear an Clár Sonrach chun feidhme. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste dá dtagraítear in Airteagal 18 ar an eolas go rialta agus go luath maidir le dul chun cinn foriomlán chur chun feidhme ghníomhaíochtaí indíreacha an Chláir Shonraigh, agus chun go mbeidh an Coiste sin in ann ionchur iomchuí a sholáthar go luath in ullmhú na gclár oibre.

Gan dochar don chéad fhomhír, leagfar amach an méid seo a leanas sna cláir oibre:

- (a) gníomhaíochtaí, cineál cistiúcháin agus buiséad gaolmhar;
- (b) na critéir incháilitheachta agus dhámhachtana a leagtar síos i Rialachán [Fís Eorpach];
- (c) ráta cistiúcháin aonair in aghaidh na gníomhaíochta;
- (e) gníomhaíochtaí a bhfuil feidhm ag rialacha sonracha maidir leo, go háirithe maidir le slándáil taighde, úinéireacht torthaí, luachshocrú agus scaipeadh, aistriú agus ceadúnú chomh maith le cearta rochtana ar thorthaí;
- (ea) an nós imeachta athbhreithnithe meastóireachta.

- 1a. Áireofar sna cláir oibre dá dtagraítear i mír 2 na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 11(1)(b) den Chinneadh seo.
2. Glacfaidh an Coimisiún clár oibre ar leithligh, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, chun gníomhaíochtaí faoi na comhpháirteanna seo a leanas a chur chun feidhme, mar a leagtar amach in Airteagal 1(3). Beidh na foirmíochtaí a leagtar amach in Airteagal 18(2) freagrach as a gcuid féin de na cláir oibre:
 - (a) an Chomhairle Eorpach um Thaighde, a mbunóidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an dréachtchlár oibre ina leith faoi Airteagal 7(9)(a)(ii), i gcomhréir le hAirteagal 18(3). Ní imeoidh an Coimisiún ón gclár oibre arna bhunú ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde ach amháin i gcomhréir leis an dara fomhír d'Airteagal 7(4); sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún an clár oibre trí bhíthin gníomh cur chun feidhme i gcomhréir le hAirteagal 18(4); tabharfaidh an Coimisiún údar cuí-réasúnaithe ina leith;
 - (b) an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach (CNE), a n-ullmhófar an clár oibre di tar éis comhairle a fháil ó Bhord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí faoi Airteagal 12(1)(b), i gcomhréir le hAirteagal 18(4);
 - (c) Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (MSCA), an tSochaí, éiceachórais nuálaíochta na hEorpa, an Limistéar Eorpach Taighde, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a leitheadú, i gcomhréir le hAirteagal 18(4);
 - (d) JRC, a chuirfear san áireamh sa clár oibre ilbhliantúil an tuairim arna tabhairt ag Bord Gobharnóirí JRC dá dtagraítear i gCinneadh 96/282/Euratom ón gCoimisiún.
- (da) comhpháirtíochtaí Eorpacha bunaithe ar an gclár oibre.

3. Áireofar na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta dá dtagraítear faoi na gnéithe beartais a dtugtar tuairisc orthu i gCaibidlí IV go VII de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas] i gcuid thiomnaithe shonrach de na cláir oibre lena gcuirtear chun feidhme na cuspóirí sonracha comhfhreagracha dá dtagraítear in Airteagal 3(2), pointí (a) go (d) de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas]. Glacfar na cláir oibre sin i gcomhréir le hAirteagail 15 agus 84 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas].]

Airteagal 5

Comhpháirtíochtaí Eorpacha

1. Leanfaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha cur chuige saolré soiléir, lena n-áirítear iad a shainaithint, a roghnú, a chur chun feidhme agus faireachán a dhéanamh orthu, agus cistiú ón Aontas a chéimniú amach, ar bhonn na bhforálacha a leagtar síos san Airteagal seo. Comhoibreoidh an Coimisiún agus na Ballstáit le linn shaolré iomlán na comhpháirtíochta. Go háirithe, beidh na Ballstáit rannpháirteach go luath i sainaithint punainne comhpháirtíochta chomhleanúnaí.
- 1a. Roghnófar Comhpháirtíochtaí Eorpacha de réir nós imeachta iomaíoch, oscailte, neamh-idirdhealaitheach agus trédhearcach bunaithe ar shraith critéir inchainníochtaithe agus cur chuige punainne láidir, as a dtiocfaidh sraith tionscnamh chomhleanúnach agus chomhlántach. Anuas ar na ceanglais a leagtar amach in Airteagal 11 de Rialachán (AE) XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach], comhlíonfaidh comhpháirtíochtaí is iarrthóirí na critéir roghnúcháin seo a leanas:
- (a) ábharthacht punainne: áiríteofar comhsheasmhacht agus comhleanúnachas foriomlán na punainne comhpháirtíochta, ar choinníoll go gcomhlíonann iarrthóirí na critéir roghnúcháin uile agus go léiríonn siad ábharthacht mar chuid de phunann straitéiseach chomhleanúnach chomhlántach gníomhaíochtaí;
 - (b) mais chriticiúil: beidh buiséad na gcomhpháirtíochtaí (ranníocaíochtaí an Aontais agus na gcomhpháirtithe) ag teacht lena ré, lena n-áiríteofar acmhainní leordhóthanacha chun glao substaintiúil amháin ar a laghad a chistiú in aghaidh na bliana;

- (c) comhdhéanamh na gcomhpháirtithe: mura bhfuil údar cuí leis, tá gá le rannpháirtíocht eintiteas poiblí ó dheich Bhallstát ar a laghad agus/nó, i gcás inarb iomchuí, rannpháirtíocht eintiteas príobháideach a dhéanann ionadaíocht ar chodanna substaintiúla dá n-éiceachórais faoi seach, lena n-áiríteofar rannpháirtíocht leathan agus chothrom na bpríomhpháirtithe leasmhara;
- (d) ábharthacht uile-Eorpach: beidh ábharthacht uile-Eorpach ag comhpháirtíochtaí, lena n-áirítear trí chomhar leathan éagsúlaithe fud fad an Aontais, agus rachaidh siad i dteagmháil le héiceachórais ábhartha taighde agus nuálaíochta;
- (e) cur chuige misean-díríthe: déanfaidh comhpháirtíochtaí cuspóirí soiléire, intomhaiste, faoi cheangal ama a cheapadh laistigh dá dtréimhse a bheidh mar bhonn eolais do chleachtaí faireacháin, measúnaithe agus meastóireachta;
- (f) plean cur chun feidhme: forbróidh comhpháirtithe plean cur chun feidhme ex ante, lena n-áirítear tacar príomhtháscairí feidhmíochta chun dul chun cinn, scaipeadh agus gníomhaíochtaí luachshocraithe a rianú, lena n-áirítear gníomhaíochtaí chun cistiú ón Aontas a chéimniú amach;
- (h) oidhreacht: i gcásanna ina gcuireann comhpháirtíochtaí is iarrthóirí le tionscnaimh a bhí ann roimhe sin, léireofar éifeachtúlacht, éifeachtacht agus tionchar na gcomhpháirtíochtaí a bhí ann roimhe sin.

1b. Le linn a gcur chun feidhme, áiríteoidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha an méid seo a leanas:

- (a) socruithe agus rialacha trédhearcacha rialachais, bunaithe ar threoirlínte comhchoiteanna, lena n-áirítear cóid iompair, lena n-áirítear a bhfeidhmiú ar bhealach oscailte agus trédhearcach;
- (b) oscailteacht leanúnach an tionscnaimh trí chritéir aontachais agus imeachta atá soiléir agus trédhearcach, lena n-áirítear trí ghlaonna oscailte iomaíochta ar eagraíochtaí comhpháirtíochta féideartha nua agus rannpháirtíocht comhpháirtithe agus páirtithe leasmhara ó earnálacha, cúlaí agus disciplíní éagsúla, lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, cinn idirnáisiúnta ábhartha agus aird chuí á tabhairt ar shlándáil eacnamaíoch agus taighde;

- (c) trédhearcacht: léireoidh comhpháirtíochtaí trédhearcacht maidir le tosaíochtaí agus cuspóirí a shainnaithint, lena n-áirítear na torthaí agus na tionchair a bhfuiltear ag súil leo;
- (d) solúbthacht trí athbhreithnithe tráthúla a dhéanamh ar phríomhdhoiciméid amhail na Cláir Oibre Straitéiseacha um Thaighde agus Nuálaíocht agus straitéisí aistrithe, arna n-oiriúnú de réir mar is gá chun ábharthacht agus indéantacht a áirithiú;
- (e) faireachán leanúnach, lena n-áirítear dul chun cinn a rianú i dtreo sraith comhtháscairí a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht, amhail ranníocaíochtaí comhpháirtithe, cost-éifeachtúlacht, agus oscailteacht do chomhpháirtithe nua;
- (f) faisnéis mhionsonraithe ar an bpróiseas meastóireachta agus torthaí ó gach glao ar thograí laistigh de Chomhpháirtíochtaí Eorpacha, atá le cur ar fáil do Choiste an Chláir ar bhealach tráthúil.
- (g) áireofar i straitéis sonraí coinníollacha maidir le húsáid sonraí a cruthaíodh le linn na comhpháirtíochta agus áiritheofar léi go mbeidh sonraí ar fáil ar feadh 10 mbliana ar a laghad tar éis dheireadh na comhpháirtíochta, i gcomhréir le prionsabail shonraí FAIR;
- (h) comhtháthú FBManna agus gnólachtaí atá ag méadú: i gcás inarb ábhartha, ceapfaidh comhpháirtíochtaí straitéisí soiléire chun cuimsiú FBManna agus gnólachtaí atá ag méadú i dtimthriall na nuálaíochta a chur chun cinn, agus a riachtanais agus a ndúshláin shonracha á gcur san áireamh;
- (j) In éagmais athnuachana, cuirfidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha bearta iomchuí chun feidhme bunaithe ar a ngníomhaíochtaí céimnithe amach arna sainaithint ina straitéisí aistrithe.

1c. Cuirfidh táscairí coiteanna a bhaineann go sonrach le comhpháirtíocht leis na táscairí coiteanna mar a shainmhínítear faoi Rialachán XXX [tagairt don Rialachán Feidhmíochta] agus cuirfidh siad leis na tuarascálacha faireacháin débhlíantúla maidir le feidhmíocht comhpháirtíochtaí Eorpacha faoin gelár Fís Eorpach 2021-2027.

- 1d. Seolfaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha a nglanna deiridh roimh an 31 Nollaig 2034. Déanfaidh Comhpháirtíochtaí Eorpacha an modh aistrithe is fearr a chinneadh agus a chur chun feidhme. Agus na straitéisí aistrithe a ullmhaíodh ex-ante á gcur san áireamh, déanfar measúnú neamhspleách ar chomhpháirtíochtaí lena gcinnfear ar comhlíonadh nó nár comhlíonadh a gcuipóirí, oiriúnacht an chur chuige comhpháirtíochta, agus a n-ábharthacht leanúnach maidir le tosaíochtaí beartais an Aontais. Ba cheart a áireamh sa mheasúnú sin moladh maidir leis an modh idirghabhála beartais is éifeachtaí le haghaidh aon ghníomhaíochtaí amach anseo.
- 1e. I gcás neamhchomhlíonadh na gceanglas thuas, féadfaidh an Coimisiún cistiú ón Aontas a laghdú, a chur ar fionraí nó a fhoirceannadh, nó bearta iomchuí eile a dhéanamh. Cuirfear na bearta sin in iúl do na Ballstáit in am trátha.

Caibidil II

Eolaíocht den Scoth

Airteagal 6

An Chomhairle Eorpach um Thaighde

1. Bunóidh an Coimisiún Comhairle Eorpach um Thaighde chun na gníomhaíochtaí faoi Chuid I, ‘Eolaíocht den Scoth’, de chuid Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] a bhaineann leis an gComhairle Eorpach um Thaighde a chur chun feidhme. Tiocfaidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde i gcomharbas ar an gComhairle Eorpach um Thaighde a bunaíodh le Cinneadh (AE) 2021/764 ón gComhairle.
2. Beidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde comhdhéanta de Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde, atá neamhspleách, dá bhforáiltear in Airteagal 7 agus de struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde dá bhforáiltear in Airteagal 8.
3. Beidh Uachtarán ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde (‘Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde’) agus is as eolaithe ceannródaíocha a bhfuil meas idirnáisiúnta orthu a thoghfar é.

4. Ceapfaidh an Coimisiún Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde tar éis do choiste cuardaigh tiomnaithe neamhspleách próiseas earcaíochta trédhearcach a chur i gcrích. Déanfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an próiseas earcaíochta agus an t-iarrthóir a roghnófar a fhormheas. Beidh téarma oifige Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde teoranta do thréimhse ceithre bliana, a fhéadfar a athnuachan aon uair amháin.
5. Déanfaidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde cathaoirleacht ar Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus áiritheoidh sé go mbeidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde i dteagmháil le struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus déanfaidh sé ionadaíocht thar ceann Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde i réimse na heolaíochta.
- 5a. Caithfidh Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde 80 % ar a laghad dá gcuid ama oibre i bprionsabal ar ghnó na Comhairle Eorpaí um Thaighde. Soláthróidh struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde an tacaíocht is gá d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde chun a fheidhmeanna a chur i gcrích.
7. Feidhmeoidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde i gcomhréir lena croíphrionsabail a bhaineann le barr feabhais eolaíoch, eolaíocht oscailte, neamhspleáchas, éifeachtúlacht, éifeachtacht, trédhearcacht, cuntasacht agus sláine taighde. Áiritheofar go leanfar ar aghaidh le gníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde a dhéantar faoi Chinneadh (AE) 2021/764.
8. Trína chuid gníomhaíochtaí, tabharfaidh an Chomhairle Eorpach um Thaighde tacaíocht, ón mbun aníos, do thaighde ar thús cadhnaíochta a chuirfidh príomh-imscrúdaitheoirí agus a bhfoirne i gcrích sna réimsí ar fad agus iad in iomaíocht ar an leibhéal Eorpach, lena n-áirítear taighdeoirí luathghairme.
9. Gníomhóidh an Coimisiún ina ráthóir ar son neamhspleáchas agus shláine na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus áiritheoidh sé cur i gcrích iomchuí na gcúraimí a chuirtear air.
10. Áiritheoidh an Coimisiún go gcuirfear gníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde chun feidhme i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach i mír 7 den Airteagal seo agus i gcomhréir le straitéis fhoriomlán na Comhairle Eorpaí um Thaighde, dá dtagraítear in Airteagal 7(4)(a), arna bhunú ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde

1. Beidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde comhdhéanta de suas le 22 eolaí, innealtóir agus scoláire neamhspleách a bhfuil ardcháil agus a bhfuil saineolas iomchuí bainte amach acu, ar mná agus fir iad in aoisghrúpaí éagsúla, rud a áiritheoidh go mbeidh ilghnéitheacht ann ó thaobh réimsí taighde de agus go mbeidh tionscnaimh gheografacha éagsúla ann. Feidhmeoidh siad ina gcáil phearsanta, neamhspleách ar shainleasanna seachtracha. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde, i ndiaidh nós imeachta neamhspleách trédhearcach chun iad a shainaithint, arna chomhaontú sin le Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde, lena n-áireofar comhairliúchán oscailte le pobal na heolaíochta agus tuarascáil a chur chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle.
2. Beidh téarma oifige chomhaltaí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde teoranta do cheithre bliana, a fhéadfar a athnuachan uair amháin, bunaithe ar chóras uainíochta, rud a áiritheoidh go leanfar ar aghaidh d'obair Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde.
3. Toghfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde triúr Leas-Chathaoirleach as a comhaltaí a thabharfaidh cúnamh d'Uachtarán na Comhairle Eorpaí um Thaighde i ndáil le hionadaíocht a dhéanamh thar a ceann agus a cuid oibre a eagrú. Déanfar tacaíocht a thabhairt don triúr Leas-Uachtarán le go n-áiritheofar cúnamh riaracháin áitiúil leordhóthanach ina n-institiúidí náisiúnta.
- 3a. Tabharfar cúiteamh do chomhaltaí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde i leith na gcúraimí a chuirfidh siad i gcrích trí bhíthin airgead oinigh agus, i gcás inarb iomchuí, aisíocaíocht costas taistil agus cothaithe.
4. Feidhmeoidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde a cúraimí go heisiach laistigh de raon feidhme an Chláir Shonraigh agus chun críocha an Chláir Shonraigh, agus ar an mbealach sin amháin. Sa chomhthéacs sin, bunófar léi:
 - (a) an straitéis fhoriomlán maidir leis an gComhairle Eorpach um Thaighde;
 - (b) clár oibre chun gníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde a chur chun feidhme;

- (c) modhanna agus nósanna imeachta maidir le hathbhreithniú piaraí agus maidir le meastóireacht a dhéanamh ar an togra ar ar a bhonn a chinnfear na tograí atá le cistiú;
- (d) a seasamh maidir le haon ábhar a fhéadfaidh feabhas a chur ar a bhfuil bainte amach ó thaobh na heolaíochta de agus ar an tionchar a bheidh ag an gComhairle Eorpach um Thaighde agus ar cháilíocht an taighde a chuirfear i gcrích;
- (e) cód iompair lena gcumhdaítear, i measc nithe eile, coinbhleacht leasa a sheachaint;
- (f) an nós imeachta chun Leas-Uachtaráin na Comhairle Eorpaí um Thaighde a thoghadh.

Ní imeoidh an Coimisiún ó na seasaimh a bhunaigh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde i gcomhréir leis an gcéad fhomhír ach amháin má mheasann sé nár urramaíodh an Cinneadh seo. Sa chás sin, glacfaidh an Coimisiún bearta chun a áirithiú go leanfar ar aghaidh de bheith ag cur an Chláir Shonraigh chun feidhme agus de bheith ag gnóthú a chuspóirí, agus leagfaidh sé amach go cuí-réasúnaithe na pointí ina n-imeoidh sé ó sheasaimh Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde.

5. Cuirfidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an Coimisiún ar an eolas faoi threochtaí taighde, faoi shonraí taighde agus faoi aon ábhar atá ábhartha do cheapadh beartas agus féadfaidh sí anailís a dhéanamh ina leith sin, agus cuirfidh an Coimisiún é sin in iúl do na Ballstáit.
6. Tiocfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus an Coimisiún le chéile faoi dhó sa bhliain ar a laghad chun tuairimí a mhalartú go forleathan agus go tráthúil i gcomhthéacs fhorbairt agus chur chun feidhme straitéis na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus cheapadh beartais an Choimisiúin.
7. Is ráthóir ar cháilíocht na gníomhaíochta ó thaobh na heolaíochta de í Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus is aici atá údarás iomlán ar chinntí a dhéanfar faoin gcineál taighde atá le cistiú.
8. Gníomhóidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde go heisiach ar mhaithe leis an gComhairle Eorpach um Thaighde, i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar amach in Airteagal 6(7). Gníomhóidh sí le sláine agus ionracas agus cuirfidh sí a cuid oibre i gcrích go héifeachtúil agus leis an oiread trédhearcachta agus is féidir.

9. I gcomhthéacs chur chun feidhme an Chláir Shonraigh agus chun na cúraimí sin a dhéanamh, déanfaidh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde an méid seo a leanas:

(a) a mhéid a bhaineann leis an straitéis eolaíoch:

- i. an straitéis eolaíoch fhoriomlán maidir leis an gComhairle Eorpach um Thaighde a bhunú, i bhfianaise deiseanna eolaíocha agus riachtanais eolaíocha na hEorpa;
- ii. an clár oibre a bhunú agus bearta tacaíochta éagsúla na Comhairle Eorpaí um Thaighde a cheapadh i gcomhréir lena straitéis eolaíoch;
- iii. na tionscnaimh chomhair agus fhor-rochtana idirnáisiúnta, Eorpacha is gá a bhunú, chun infheictheacht na Comhairle Eorpaí um Thaighde a mhéadú do na taighdeoirí is fearr laistigh den Aontas agus ón gcuid eile den domhan, i gcomhréir lena straitéis eolaíoch.

(b) a mhéid a bhaineann leis an mbainistiú, faireachán agus rialú cáilíochta ó thaobh na heolaíochta de:

- i. córas athbhreithnithe piaraí den scoth a áirithiú, atá bunaithe ar bharrfheabhas eolaíoch agus ar láimhseáil atá iomlán trédhearcach, cothrom agus neamhchlaonta a dhéanamh ar na tograí trí sheasaimh a bhunú maidir le glaonna ar thograí a chur chun feidhme agus a bhainistiú, critéir mheastóireachta, próisis athbhreithnithe piaraí lena n-áirítear saineolaithe a roghnú, na modhanna maidir le hathbhreithniú piaraí agus meastóireacht tograí agus na rialacha agus na treoirlínte cur chun feidhme is gá, ar ar a bhonn a chinnefar na tograí atá le cistiú faoi mhaoirseacht Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde;
- ii. togra a dhéanamh, ar ar a bhonn a cheapfar saineolaithe, i gcás ghníomhaíochtaí taighde ceannródaíocha na Comhairle Eorpach um Thaighde;
- iii. a áirithiú go gcuirfear deontais ón gComhairle Eorpach um Thaighde chun feidhme de réir nósanna imeachta simplí agus trédhearcacha lena ndéantar an fócas a choinneáil ar an mbarr feabhais, an tionscnaíocht a spreagadh agus an tsolúbthacht a chónascadh leis an gcuntasacht trí fhaireachán leanúnach a dhéanamh ar cháilíocht na n-oibríochtaí agus an chur chun feidhme;

- iv. an méid atá bainte amach ag an gComhairle Eorpach um Thaighde agus cáilíocht agus tionchar an taighde arna chistiú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde a athbhreithniú agus a mheasúnú agus moltaí agus treoirleánte a thabhairt maidir le gníomhaíochtaí ceartaitheacha nó gníomhaíochtaí amach anseo, dá réir;
 - v. seasaimh maidir le haon ábhar eile a dhéanann difear dá bhfuil bainte amach ag an gComhairle Eorpach um Thaighde agus don tionchar a bheidh ag gníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus ar cháilíocht an taighde a chuirfear i gcrích faoin gcuid sin den chlár Fís Eorpach.
- (c) a mhéid a bhaineann le cumarsáid agus scaipeadh:
- i. próifíl dhomhanda agus infheictheacht na Comhairle Eorpaí um Thaighde a ardú trí ghníomhaíochtaí cumarsáide agus for-rochtana a chur i gcrích, lena n-áirítear comhdhálacha eolaíocha chun gníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus an méid atá bainte amach aici agus na torthaí ó thionscadail arna gcistiú ag an gComhairle Eorpach um Thaighde, le pobal na heolaíochta, le páirtithe leasmhara tábhachtacha agus leis an ngnáthphobal;
 - ii. dul i gcomhairle, i gcás inarb iomchuí, le pobal na heolaíochta, pobal na n-innealtóirí agus an pobal acadúil, le gníomhaireachtaí cistiúcháin taighde réigiúnacha agus náisiúnta agus le páirtithe leasmhara eile;
 - iii. tuairisciú go rialta chuig an gCoimisiún faoina gníomhaíochtaí féin.

Airteagal 8

Struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde

1. Beidh cur chun feidhme riaracháin agus forfheidhmiú na comhpháirte sin den Chlár Sonrach faoi chúram struchtúir chur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde. Cuirfidh sé, ach go háirithe, na nósanna imeachta meastóireachta, athbhreithniú piaraí agus próiseas roghnúcháin chun feidhme i gcomhréir leis an straitéis a bhunaigh Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus áiritheoidh sé bainistiú airgeadais agus eolaíoch na ndeontas.

Tacóidh struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde le Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde i gcur i gcrích a cúraimí uile mar a leagtar amach in Airteagal 7, lena n-áirítear a straitéis eolaíoch a fhorbairt, faireachán ar na hoibríochtaí agus athbhreithniú agus measúnú ar an méid atá bainte amach ag an gComhairle Eorpach um Thaighde mar aon lena gníomhaíochtaí for-rochtana agus cumarsáide. Chomh maith leis sin, soláthróidh struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde rochtain ar na doiciméid agus ar na sonraí is gá atá ina seilbh agus coinneoidh sé Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde ar an eolas faoina gníomhaíochtaí.

Chun idirchaidreamh éifeachtach a áirithiú le struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde faoi ábhair straitéiseacha agus oibríochtúla, tionólfaidh bainisteoirí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus Stiúrthóir struchtúir chur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde cruinnithe maidir le comhordú ar bhonn rialta.

2. Áiritheoidh an Coimisiún go leanfaidh struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde cuspóirí agus ceanglais na Comhairle Eorpaí um Thaighde amháin go docht agus go héifeachtúil agus lena oiread solúbthachta agus is gá. Chun a chuid freagrachtaí a fheidhmiú mar a leagtar amach in Airteagal 6 agus Airteagal 7 agus san Airteagal sin agus i gcomhthéacs a chuid freagrachtaí féin as an mbuiséad a fheidhmiú, déanfaidh an Coimisiún an méid seo a leanas:
 - (a) leanúnachas agus athnuachan Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde a áirithiú agus tacaíocht a thabhairt don Choiste Aitheantais chun comhaltaí Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde a bheidh ann amach anseo a shainaithint;
 - (b) leanúnachas struchtúir cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus cúraimí agus freagrachtaí a tharmligfear chuige a áirithiú, agus tuairimí ó Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde á gcur san áireamh go cuí;
 - (c) a áirithiú go gcomhlíonfaidh struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde raon iomlán a chuid cúraimí agus freagrachtaí;
 - (d) stiúrthóir agus comhaltaí bainistíochta a bheidh ag struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde a cheapadh, agus tuairimí ó Chomhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde á gcur san áireamh;

- (e) a áirithiú go nglacfar in am trátha clár oibre na Comhairle Eorpaí um Thaighde, na seasaimh maidir leis an modheolaíocht chur chun feidhme agus na rialacha cur chun feidhme is gá, lena n-áirítear rialacha na Comhairle Eorpaí um Thaighde maidir le tíolacadh agus samhail-chomhaontú deontais na Comhairle Eorpaí um Thaighde, agus na tuairimí atá ag Comhairle Eolaíochta na Comhairle Eorpaí um Thaighde á gcur san áireamh;
- (ea) Coiste na gClár a chur ar an eolas ar bhonn rialta agus in am tráthúil faoi chur chun feidhme ghníomhaíochtaí na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus dul i gcomhairle le foirmíocht Choiste Cláir na Comhairle Eorpaí um Thaighde faoi sin;
- (f) faireachán a dhéanamh ar struchtúr cur chun feidhme tiomnaithe na Comhairle Eorpaí um Thaighde agus meastóireacht a dhéanamh ar a fheidhmíocht, ós rud é go bhfuil sé freagrach as cur chun feidhme foriomlán an Chláir.

Airteagal 9

Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie

1. Díreofar le Gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie (GMSC) ar thaighde ón mbun aníos, faoi thionchar imscrúdaitheoirí, atá bunaithe go heisiach ar bharrfheabhas eolaíochta chun tacú le gairm, forbairt scileanna agus soghluaisteacht taighdeoirí, agus béim ar leith á leagan ar thaighdeoirí luathghairme, agus gach gairmchéim á cur san áireamh ag an am céanna.
2. Beidh GMSC oscailte d'aon réimse eolaíoch a chumhdaítear faoin gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoin gConradh ag bunú an Chomhphobail Eorpaigh do Fhuinneamh Adamhach. I gcásanna a mbeidh údar cuí leo, má thagann riachtanais shonracha chun cinn agus má bhíonn cistiú breise ar fáil, féadfaidh GMSC díriú ar ghníomhaíochtaí áirithe i dtosaíochtaí téamacha sonracha, cineálacha institiúidí taighde agus nuálaíochta, nó suíomhanna geografacha chun freagairt do cheanglais agus riachtanais athraitheacha an Aontais maidir le scileanna, oiliúint taighde, forbairt gairme agus comhroinnt eolais, d'fhonn uathriail straitéiseach an Aontais a shaothrú.

3. Le cur chun feidhme GMSC, déanfar an méid seo a leanas:

- (a) dálaí agus deiseanna tarraingteacha a chur ar fáil le haghaidh dul chun cinn gairme, rud a chuideoidh le haghaidh a thabhairt ar shaincheisteanna sistéamacha a bhaineann le héagobhsaíocht ghairme agus éiginnteacht san earnáil taighde. Tacóidh GMSC go gníomhach leis na prionsabail a leagtar amach sa Chairt Eorpach do Thaighdeoirí lena gcuirtear chun cinn earcaíocht chothrom, nósanna imeachta trédhearcacha agus dul chun cinn bunaithe ar fhiúntas⁷;
- (c) cothromaíocht oibre is saoil, éagsúlacht agus cuimsiú a chur chun cinn, lena leagtar síos ardchaighdeán le haghaidh dálaí oibre ar fud an Limistéir Eorpaigh Taighde.

Airteagal 10

An tAirmheán Comhpháirteach Taighde

1. Beidh gníomhaíochtaí an Airmheáin Chomhpháirtigh Taighde (JRC) comhlántach le gníomhaíochtaí indíreacha lena dtacaítear le cuspóirí beartais níos fadtéarmaí. Chun an méid sin a bhaint amach, oibríonn JRC le páirtithe leasmhara idirnáisiúnta, náisiúnta, réigiúnacha agus áitiúla, lena n-áirítear trí chomhaontuithe comhair eolaíochta.

Maidir le gníomhaíochtaí JRC:

- beidh siad solúbtha agus freagrúil do riachtanais bheartais;
- rannchuidiú le sineirgí le hinfheistíochtaí eile de chuid an Aontais;
- díreoidh siad ar na réimsí seo a leanas:
 - i. tacaíocht eolaíoch agus theicniúil do thosaíochtaí beartais an Aontais, go háirithe na tosaíochtaí sin a shainítear faoi chuimsiú an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas agus na tosaíochtaí sin a shainítear le haghaidh chodanna I, II, III agus IV den chlár Fís Eorpach (ach gan bheith teoranta dóibh);

⁷ MOLADH ÓN gCOMHAIRLE an 18 Nollaig 2023 maidir le creat Eorpach chun daoine tréitheacha taighde, nuálaíochta agus fiontraíochta a mhealladh agus a choinneáil san Eoraip (C/2023/1640). <https://eur-lex.europa.eu/legal-content/GA/TXT/?uri=CELEX:32023H01640>

- ii. comhtháthú eolais agus tionchar beartais;
- iii. forbairt chríochach agus tacaíocht ó na Ballstáit;
- iv. barrfheabhas eolaíochta agus comhar idirnáisiúnta;
- v. eolaíocht oscailte, comhroinnt eolais agus fothú acmhainneachta.

Caibidil III

Iomaíochas agus an tSochaí

Airteagal 11

Taighde agus nuálaíocht chomhoibríoch

1. Déanfar gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta dá dtagraítear in Airteagal 15 de Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach] a chur chun feidhme:
 - (-a) maidir leis an gcomhpháirt ‘Iomaíochas’ de Cholún II, i gcuid thiomnaithe shonrach den chlár oibre arna ghlacadh faoi Airteagal 15(1a) de Rialachán [an Ciste Eorpach um Iomaíochas]. Leis na gníomhaíochtaí sin, cumhdófar gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta na ngnéithe beartais a dtugtar tuairisc orthu i gCaibidlí IV go VII den Chiste Eorpach um Iomaíochas, i gcomhréir leis na rialacha i Rialachán XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach]:
 - (b) le haghaidh na comhpháirte ‘an tSochaí’ de Cholún II sa chlár oibre arna ghlacadh faoi Airteagal 4(2). Leis na gníomhaíochtaí taighde agus nuálaíochta sin, díreofar ar chlaohlú sochaíoch agus cultúrtha a threorú, chomh maith le tacú le ceapadh beartas fianaisebhunaithe le haghaidh sochaithe athléimneacha atá dírithe ar an todhchaí:
 - (i) tuiscint a fháil ar thionchair na n-athruithe geopholaitiúla, na dteicneolaíochtaí nua, na n-athruithe comhshaoil, aeráide agus déimeagrafacha agus gníomhaíochtaí a fhorbairt a bhfuil gá leo chun sochaí shláintiúil, inbhuanaithe agus athléimneach agus bainistiú críochach a áirithiú a fhreastalaíonn ar fholláine na saoránach;

- (ia) sochaithe daonlathacha a chothú, iad éagsúil ó thaobh cultúir de, cuimsitheach, cóir go sóisialta, slán agus síochánta, agus rialachas daonlathach agus nuálaíocht i seirbhísí poiblí a chur chun cinn;
- (ib) cultúir agus oidhreacht chultúrtha na hEorpa a chothú agus earnálacha agus tionscail an chultúir agus na cruthaitheachta a neartú.

3. Faoi Cholún II den Chlár sin, cuirfear tacaíocht ar fáil don chuid sin de Mhisin an Aontais a bhaineann le taighde agus nuálaíocht arna mbunú faoi Airteagal 8 de Rialachán (AE) 2021/695 suas le 2030. Beidh gníomhaíochtaí, atá dírithe ar chur in úsáid faoi chlár eile de chuid an Aontais, ag gabháil le tacaíocht do ghníomhaíochtaí Taighde agus Nuálaíochta maidir le Saoráid Bauhaus Eorpach Nua faoin gclár Fís Eorpach.

Caibidil IV

Nuálaíocht

Airteagal 12

Bord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí

1. Tabharfaidh Bord na Comhairle Nuálaíochta Eorpaí (Bord CNE) comhairle don Choimisiún faoin méid seo a leanas:
- (a) an straitéis fhoriomlán le haghaidh chomhpháirt CNE faoi Chuid III ‘Nuálaíocht’ den chlár Fís Eorpach, agus comhlántachtaí leis an gCiste Eorpach um Iomaíochas á gcur san áireamh;
 - (b) an clár oibre chun gníomhaíochtaí CNE a chur chun feidhme, lena n-áirítear critéir chun measúnú a dhéanamh ar thograí agus an chothromaíocht iomchuí idir na cineálacha éagsúla tacaíochta cistiúcháin;
 - (c) treochtaí teicneolaíochta atá ag teacht chun cinn ó phunanna CNE, agus punanna straitéiseacha tionscadal a shainaithint, i gcomhlántacht agus i sineirgíocht leis an bhFaireachlann um Theicneolaíocht atá ag Teacht Chun Cinn faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas;

- (d) próifil Bhainisteoirí Chláir CNE;
 - (e) comhordú leis an mBord Comhairleach maidir le Ráthaíochtaí, Ionstraimí Airgeadais agus Oibríochtaí Measctha an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas arna bhunú faoin gCiste Eorpach um Iomaíochas.
2. Féadfaidh Bord CNE moltaí a sheoladh chuig an gCoimisiún, arna iarraidh sin don Choimisiún, maidir leis an méid seo a leanas:
- (a) aon ábhar a d'fhéadfadh, ó thaobh na nuálaíochta de, éiceachórais nuálaíochta ar fud an Aontais a fheabhsú, an méid atá bainte amach ag cuspóirí CNE agus an tionchar a bheidh acu agus an acmhainneacht a bheidh ag gnólachtaí nuálacha a réitigh féin a chur i bhfeidhm;
 - (b) i gcomhar le seirbhísí ábhartha eile de chuid an Choimisiúin, le húdaráis náisiúnta agus réigiúnacha agus eintitis ábhartha eile, bacainní rialála a d'fhéadfadh a bheith roimh fhiontraithe a shainaithint, go háirithe iad siúd a mbronntar tacaíocht orthu faoi CNE;
 - (c) clársceidealú i gcodanna eile den Chlár Sonrach.
3. Gníomhóidh Bord CNE ar mhaithe le cuspóirí CNE a bhaint amach. Gníomhóidh sé le sláine agus ionracas agus cuirfidh sé a chuid oibre i gcrích go héifeachtúil agus go trédhearcach.
4. Beidh Bord CNE comhdhéanta de idir 15 agus 20 duine ardleibhéil neamhspleácha a thagann as codanna éagsúla d'éiceachóras nuálaíochta na hEorpa, lena n-áirítear fiontraithe, ceannairí corparáideacha, infheisteoirí, saineolaithe agus bainisteoirí nuálaíochta agus taighdeoirí nuálacha agus saineolaithe aistrithe teicneolaíochta. Rannchuideoidh Bord CNE le gníomhaíochtaí for-rochtana agus féachfaidh a chomhaltaí le cur le gradam bhranda CNE.
5. Is é an Coimisiún a cheapfaidh comhaltaí Bhord CNE, i ndiaidh glao oscailte ar ainmniúcháin nó ar léirithe spéise, agus an gá atá le cothromaíocht ó thaobh saineolais, inscne, aoise agus dáileadh geografach agus téamach de a chur san áireamh.
6. Beidh a dtéarma oifige teoranta do 2 bhliain, agus féadfar é a athnuachan faoi dhó.

7. Beidh Uachtarán ag Bord CNE a bheidh ina phearsa phoiblí ardphróifíle a bhfuil baint aige le réimse na nuálaíochta, beidh taithí cruthaithe agus tuiscint mhaith aige ar nuálaíochtaí a fhorbairt i réimse an taighde go réimse an mhargaidh agus an uas-scálaithe.
8. Beidh stádas mar chomhairleoir speisialta neamhspleách ag Uachtarán Bhord CNE agus ceapfaidh an Coimisiún é i ndiaidh próiseas earcaíochta trédhearcach. Beidh téarma oifige Uachtarán Bhord CNE teoranta do 4 bliana ar a mhéid, a fhéadfar a athnuachan aon uair amháin.
9. Beidh Uachtarán Bhord CNE ina chathaoirleach ar Bhord CNE, ullmhóidh sé a chruinnithe, sannfaidh sé cúraimí do chomhaltaí agus féadfaidh sé foghrúpaí tiomnaithe a bhunú. Déanfaidh Uachtarán Bhord CNE ionadaíocht ar thuairimí Bhord CNE i saol na nuálaíochta agus gníomhóidh sé mar chomhchainteoir leis an gCoimisiún.
10. Bunóidh an Coimisiún cód iompair Bhord CNE lena ndíreofar, go háirithe, ar choinbhleacht leasa agus ar shárú rúndachta a sheachaint. Comhaontóidh comhaltaí Bhord CNE cloí leis an gcód iompair nuair a ghabhfaidh siad le hoifig.
11. Cuirfidh an Coimisiún tacaíocht riaracháin ar fáil do Bhord CNE agus d'Uachtarán Bhord CNE.

Airteagal 13

Éiceachórais Nuálaíochta na hEorpa

Tacófar leis an méid seo a leanas leis an gClár Sonrach:

- (a) moil nasctha a bhunú ar fud an Aontais agus tacú leo, lena gcuirtear an comhar chun cinn agus lena gcuirtear rochtain ar acmhainní, comhpháirtithe, saineolas agus seirbhísí saincheaptha ar fáil do thaighdeoirí, nuálaithe, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis, lena n-áirítear deiseanna infheistíochta, na chéad cheannaitheoirí taighde agus nuálaíochta agus réitigh nuálacha, corparáidí, saoráidí turgnamhaíochta, bonneagair thaighde agus theicneolaíochta, deiseanna líonraithe agus meaitseála, tallann fiontraíochta, cóitseáil agus meantóireacht;

- (b) gníomhaíochtaí chun éiceachórais nuálaíochta uile-Eorpacha a fhorbairt sna príomhréimsí téamacha, láidreachtaí agus acmhainneachtaí a chomhtháthú agus a threisiú, líonraí trasteorann agus comhar a chruthú agus a leathnú, dlús a chur le glacadh eolais agus teicneolaíochta, tacú le forbairt scileanna nuálaíochta agus fiontraíochta agus forbairt fiontar luathchéime, agus comhtháthú thriantán an eolais —an t-ardoideachas, an taighde agus an nuálaíocht, agus an gnó — a chothú ar fud an Aontais. Áireofar ar na gníomhaíochtaí sin tacaíocht do Phobail Eolais agus Nuálaíochta na hInstitiúide Eorpaí um Nuálaíocht agus Teicneolaíocht;
- (c) cláir chun tacú le FBManna nuálacha, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá ag méadú chun margaí idirnáisiúnta a leathnú agus rochtain a fháil orthu trí staidéir inmharthanachta margaidh, uirlisí nuálaíochta áitbhunaithe, comhar sa taighde agus sa nuálaíocht, malartú tallainne, meantóireacht shaincheaptha, rochtain ar líonraí infheisteoirí domhanda, treoraíocht rialála, tacaíocht mhargaíochta logánta, agus seirbhísí tuirlingthe boige i spriothíortha, agus fite fuaite leis na moil agus na héiceachórais nuálaíochta;
- (d) gníomhaíochtaí eile chun tacú le forbairt éiceachóras nuálaíochta agus lena nascacht, lena n-áirítear staidéir, tagarmharcáil, foghlaim fhrithpháirteach idir gníomhaithe nuálaíochta agus comhordú beartas agus straitéisí nuálaíochta náisiúnta agus réigiúnacha, lena n-áirítear Straitéisí um Speisialtóireacht Chliste.

Caibidil V

An Limistéar Eorpach Taighde

Airteagal 14

An Limistéar Eorpach Taighde

1. Is iarracht chomhroinnte idir an tAontas agus a Bhallstáit a bheidh i gcur i gcrích an Limistéir Eorpaigh Taighde (LET). Leis an gClár Sonrach, tabharfar cúnamh do na Ballstáit, agus, i gcás inarb ábhartha, do pháirtithe leasmhara agus do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, a mhéid a bhaineann leis na cuspóirí agus na tosaíochtaí arna gcomhaontú go comhpháirteach a leagtar amach sa Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip⁸ a bhaint amach, trí thacú le gníomhaíochtaí atá ailínithe le cuspóirí agus réimsí tosaíochta LET, agus trí luachanna agus prionsabail LET a chur chun cinn agus a chaomhnú.
2. Leis an tSaoráid Tacaíochta Beartais, soláthrófar tacaíocht phraiticiúil shaineolach do na Ballstáit agus, de réir mar is iomchuí, dá réigiúin i gcomhréir leis an gcaoi a ndáiltear inniúlachtaí go himmheánach i réimse an taighde agus na nuálaíochta, agus do thríú tíortha atá comhlachaithe leis an gClár, chun athchóirithe lena bhfeabhsaítear cáilíocht a n-infheistíochtaí, a mbeartas agus a gcóras taighde agus nuálaíochta a cheapadh, a chur chun feidhme agus a mheas. Rannchuideoidh sí le córais náisiúnta agus réigiúnacha taighde agus nuálaíochta níos láidre agus níos éifeachtaí agus Limistéar Eorpach Taighde níos stóinsithe a thógáil.

⁸ Moladh (AE) 2021/2122 ón gComhairle an 26 Samhain 2021 maidir le Comhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht san Eoraip, IO L 431, 2.12.2021, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reco/2021/2122/oj>.

Rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a leitheadú

Faoin gcomhpháirt maidir le ‘rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a leitheadú’, leis an gClár Sonrach, tacófar le héiceachóras taighde agus nuálaíochta atá fíor-chomhtháite agus aontaithe san Aontas, agus tabharfar aghaidh ar réimsí tosaíochta den Chomhshocrú um Thaighde agus um Nuálaíocht, trí rochtain a mhéadú ar bharrfheabhas sa taighde agus sa nuálaíocht ar fud an Aontais agus a thabharfaidh tús áite d’infheistíochtaí agus d’athchóirithe struchtúracha. Rachfar i ngleic le héagothromaíochtaí idir tíortha ceannródaíocha agus tíortha nach bhfuil chomh forbartha céanna maidir le feidhmíocht taighde agus nuálaíochta trí phunann dhifreáilte de ghníomhaíochtaí lena dtógfar bonn láidir eolaíochta agus lena nascfar gníomhaithe agus éiceachórais, agus lena spreagar athchóirithe beartais struchtúracha ar an leibhéal náisiúnta agus réigiúnach a bhfuil sé d’aidhm acu, mar shampla, feabhas a chur ar tharraingteacht gairmeacha taighde, ar idirnáisiúnú, ar éifeachtacht bainistíochta agus rialachais institiúidí taighde agus nuálaíochta nó gníomhaíochtaí a mheaitseáil le tionscnaimh an Aontais.

Bonneagair thaighde

1. Tacóidh an Clár Sonrach le bonneagar taighde atá chun leasa an Aontais Eorpaigh a dhearadh, a fhorbairt, a thógáil, a uasghrádú agus a chomhtháthú. Éascóidh sé rochtain úsáideora fud fad na hEorpa.
2. Díreofar le gníomhaíochtaí bonneagar taighde ar an méid seo a leanas:
 - (a) tírdhreach an Aontais maidir le bonneagar taighde a fhorbairt, a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear comhordú idir an tAontas agus acmhainneachtaí náisiúnta agus rannchuidiú le suas le 20 % de na costais a bhaineann le tógáil nó mór-uasghrádú i ndáil le hacmhainneachtaí criticiúla den chéad scoth;
 - (b) rochtain thrasnáisiúnta ar bhonneagair thaighde a threisiú ar fud réimsí agus earnálacha, agus oiriúnú do na pobail úsáideoirí nua atá ag teacht chun cinn, an rannpháirtíocht a leathnú thar úsáideoirí taighde príomhúla, lena n-áirítear FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis;
 - (c) bonneagair thaighde a dhéanamh níos athléimní agus níos inbhuanaithe agus cos a choinneáil le dul chun cinn tapa eolaíoch agus teicneolaíoch;

- (d) ceannasacht sonraí a chur chun cinn agus gréasán sonraí taighde inaimsithe, inrochtana, idir-inoibritheach, in-athúsáidte (FAIR) agus meaisín-inghníomhaithe a fhorbairt a thuilleadh, lena n-áirítear tríd an Néal Eorpach maidir leis an Eolaíocht Oscailte a leathnú agus a chomhdhlúthú mar spás sonraí taighde na hEorpa, chomh maith le sineirgí a chothú leis na spásanna sonraí Eorpacha a bhaineann go sonrach le hearnáil ar leith;
- (da) comhoibriú agus líonrú idir na bonneagair thaighde, oiliúint agus uas-sciliú a bhfoirne, i gcomhpháirt le bonneagair theicneolaíochta agus éiceachórais nuálaíochta nuair is infheidhme;
- (e) an beartas Eorpach maidir le bonneagar taighde agus an comhar idirnáisiúnta a threisiú.

Airteagal 17

Bonneagair thaighde

1. Tacóidh an Clár Sonrach le bonneagar teicneolaíochta atá chun leasa an Aontais Eorpaigh a dhearadh, a fhorbairt, a thógáil, a uasghrádú agus a chomhtháthú. Éascóidh sé rochtain úsáideora fud fad na hEorpa.
2. Díreofar leis na gníomhaíochtaí ar an nithe seo a leanas:
 - (a) tírdhreach an Aontais maidir le bonneagair theicneolaíochta athléimneacha, inbhuanaithe a fhorbairt, a chomhdhlúthú agus a chuíchóiriú, lena n-áirítear comhordú idir an tAontas agus na hacmhainneachtaí náisiúnta agus réigiúnacha agus rannchuidiú le suas le 20 % de chostais tógála acmhainneachtaí criticiúla nua den chéad scoth;
 - (b) feabhas a chur ar infheictheacht agus úsáid na seirbhísí bonneagair teicneolaíochta ar fud an Aontais;
 - (c) rochtain do thaighdeoirí, nuálaithe, FBManna, gnólachtaí nuathionscanta agus gnólachtaí atá i mbun fáis ar bhonneagair theicneolaíochta ar fud an Aontais agus tacaíocht do ghníomhaíochtaí luachshocraithe chun dlús a chur leis an nglacadh ar an margadh;

- (d) comhoibriú agus líonrú idir na bonneagair theicneolaíochta, oiliúint agus uas-sciliú a bhfoirne, i gcomhpháirt le bonneagair thaighde agus éiceachórais nuálaíochta nuair is infheidhme;
- (e) tacú le forbairt an bheartais Eorpaigh maidir le bonneagar teicneolaíochta.

Airteagal 17a

An próiseas roghnúcháin chun tacú le tógáil nó mór-uasghrádú bonneagar taighde agus teicneolaíochta den chéad scoth

1. Leis an gClár Sonrach, féadfar tacú leis na costais a d'fhéadfaí a thabhtú i dtaobh thógáil nó mhór-uasghrádú na gcumas uile-Eorpach den chéad scoth sna príomhréimsí straitéiseacha i gcomhar le cláir náisiúnta agus réigiúnacha lena n-uasmhéadaítear an breisluach Eorpach. Roghnófar na bonneagair sin tar éis nós imeachta oscailte, trédhearcach agus iomaíoch agus áiritheofar leo tiomantas láidir polaitiúil agus airgeadais ó na Ballstáit, agus obair an Fhórait Straitéisigh Eorpaigh um Bonneagair Thaighde (agus aon fhóram straitéiseach eile le haghaidh bonneagair theicneolaíochta) á cur san áireamh.
2. Le cois na gceanglas a leagtar amach in Airteagal 18a(2) de Rialachán (AE) XXX [tagairt don Rialachán maidir le Fís Eorpach], comhlíonfaidh an bonneagar na critéir seo a leanas:
 - (a) fianaise go bhfuil na hacmhainneachtaí nua atá beartaithe rithábachtach agus den chéad scoth, bunaithe ar an méid seo a leanas:
 - (i) leas an Aontais: ailínithe le tosaíochtaí straitéiseacha an Aontais agus lena n-éilítear infheistíochtaí comhpháirteacha suntasacha ón Aontas agus ó na Ballstáit i ngeall ar an méid agus ar an raon feidhme inmhianaithe agus chun foinsí eile cistiúcháin a ghíaráil nuair is gá sin;
 - (ii) tosaíochtaí agus beartais eolaíocha, theicneolaíocha agus/nó thionsclaíocha: feabhas suntasach sna réimsí ábhartha ar an leibhéal Eorpach agus ar an leibhéal idirnáisiúnta;

- (iii) aghaidh a thabhairt ar bhearnaí acmhainneachta atá sainithe go soiléir: comhlántacht le bonneagair eile ar leibhéal an Aontais, na saoráidí agus na seirbhísí atá ar fáil a ailíniú le riachtanais úsáideora nach dtugtar aghaidh orthu agus comhleanúnachas agus comhdhlúthú sna héiceachóras taighde agus nuálaíochta a áirithiú;
- (iv) beartas rochtana agus seirbhísí arna soláthar: rochtain agus seirbhísí le haghaidh pobal taighde agus nuálaíochta an Aontais a chur ar fáil;
- (b) cur chun feidhme éifeachtach na n-acmhainneachtaí nua maidir leis an méid seo a leanas:
 - (i-a) fianaise ar bhearna chistiúcháin nach féidir leis na Ballstáit ná sásraí margaidh amháin aghaidh a thabhairt uirthi;
 - (i) an rialachas agus an bhainistíocht;
 - (ii) an indéantacht airgeadais agus an gealltanas airgeadais, lena n-áirítear ón earnáil phríobháideach;
 - (iii) an indéantacht theicniúil, inbhuanaitheacht agus éifeachtúlacht na n-acmhainní, chomh maith le straitéis sonraí.

Déanfar na critéir a shonrú a thuilleadh sa chlár oibre.

CAIBIDIL VI

Forálacha idirthréimhseacha agus forálacha críochnaitheacha

Airteagal 17b

Ról straitéiseach comhairleach Fhoirmíocht Straitéiseach Choiste an Chláir Fís Eorpach

1. Cuirfidh foirmíocht straitéiseach Choiste an Chláir Fís Eorpach arna sainmhíniú faoi Airteagal 18(2), pointe (a), cuirfidh sí comhairle ar an gCoimisiún agus soláthróidh sí moltaí maidir leis an méid seo a leanas, de bhreis ar a ról mar choiste de réir bhrí Rialachán (AE) 2011/182:
 - (a) an treo straitéiseach foriomlán agus na tosaíochtaí do Fís Eorpach agus na cuspóirí a leagadh amach in Airteagal 3 den Rialachán [an Rialachán maidir le Fís Eorpach] agus an próiseas a leagtar amach i mír 1a á gcur san áireamh;
 - (b) ailíniú an Chláir le cuspóirí beartais an Aontais i gcomhthéacs an phróisis socraithe tosaíochtaí straitéiseacha;
 - (c) comhleanúnachas agus sineirgí idir an Clár agus cláir agus ionstraimí eile de chuid an Aontais, go háirithe d'fhonn tionchar a uasmhéadú agus forluí a sheachaint.

Féadfaidh an chumraíocht straitéiseach faisnéis maidir le saincheistanna eile a bhaineann leis an gClár seo a mhalartú freisin.
2. Ag a chéad chruinniú ina ról comhairleach, agus bunaithe ar thogra ón gCoimisiún, glacfaidh foirmíocht straitéiseach Chlár an Choiste na rialacha nós imeachta a bheidh le leanúint nuair a ghníomhaíonn an fhoirmíocht sin ina ról comhairleach.

3. Tionólfaidh sé gnáthchruinnithe i gcáil chomhairleach uair amháin sa bhliain ar a laghad agus, sa bhreis air sin, arna iarraidh sin do thromlach simplí de na Ballstáit. Tionólfaidh an Coimisiún na cruinnithe agus ullmhóidh sé an clár oibre, tar éis dó dul i gcomhairle le comhaltaí na foirmíochta straitéisí, i gcomhréir le cúraimí comhairleacha na foirmíochta straitéisí de bhun an Rialacháin seo agus leis na rialacha nós imeachta lena ngabhann. Eagrófar cruinnithe comhpháirteacha idir foirmíocht straitéiseach an Choiste faoina ról comhairleach agus Coiste Ginearálta an Chiste Eorpaigh um Iomaíochas faoina ról comhairleach chun aghaidh a thabhairt ar na saincheisteanna, go háirithe na saincheisteanna sin a bhaineann leis an gcomhpháirt ‘iomaíochais’ de Chólún II.
4. Beidh na Ballstáit rannpháirteach ag céim luath i socrú thosaíochtaí straitéiseacha na Físe Eorpaí de réir an phróisis seo a leanas:
- (a) Soláthróidh an Coimisiún anailísí ábhartha don Choiste um an Limistéar Eorpach Taighde agus um Nuálaíocht (CLETN), lena n-áirítear ón bhFaireachlann um Theicneolaíochtaí atá ag Teacht Chun Cinn, tuarascálacha fadbhreathnaitheachta, chomh maith le hionchur fianaisebhunaithe ó gheallsealbhóirí, de réir mar is iomchuí.
 - (b) Cuirfidh CLETN ionchur straitéiseach ar fáil ansin maidir leis na treoshuíomhanna agus na tosaíochtaí straitéiseacha foriomlána taighde agus nuálaíochta don chlár Fís Eorpach.
 - (c) Leis an gcomhairle ó CLETN, cuirfear leis an ullmhúchán a dhéanfaidh an Coimisiún don doiciméad straitéiseach ilbhliantúil de chuid na Físe Eorpaí lena gcumhdófar ceithre cholún an Chláir, agus cineál sonrach an Chláir á urramú ag an am céanna. An chuid de dhoiciméad straitéiseach ilbhliantúil an Choimisiúin maidir le Fís Eorpach lena gcumhdaítear an chomhpháirt ‘iomaíochais’ de Chólún II, beidh sí mar an gcéanna leis an gcuid den doiciméad straitéiseach ilbhliantúil dá dtagraítear in Airteagal 13b(4)(iii) de Rialachán CEI lena gcumhdaítear an chomhpháirt iomaíochais de Chólún II. Pléifear an chuid sin den doiciméad straitéiseach ilbhliantúil ag na cruinnithe straitéiseacha dá dtagraítear i bpointe (d).

- (d) Eagrófar cruinnithe comhairleacha straitéiseacha comhpháirteacha idir an fhoirmíocht straitéiseach faoina ról comhairleach agus Coiste Ginearálta CEI faoi Airteagal 13b de Rialachán [Rialachán CEI] faoina ról comhairleach, chun aghaidh a thabhairt ar shaincheistanna a bhfuil ábharthacht choiteann ag baint leo a bhaineann leis na gníomhaíochtaí comhoibríocha taighde agus nuálaíochta arna gcistiú ag comhpháirt ‘iomaíochais’ Cholún II.
- (e) Cuirfidh an fhoirmíocht straitéiseach, agus an doiciméad straitéiseach ilbhliantúil de chuid na Físe Eorpaí á chur san áireamh, moltaí faoi bhráid an Choimisiúin i ndáil le treoir straitéiseach fhoriomlán agus tosaíochtaí foriomlána na Físe Eorpaí sula n-ullmhófar na cláir oibre.

Déanfar an próiseas faoi (a) go (e) sula n-ullmhófar na chéad chláir oibre agus déanfar é trí bliana tar éis thús an Chláir.

Airteagal 18

Nós imeachta coiste

1. Tabharfaidh coiste cúnamh don Choimisiún. Beidh an coiste sin ina choiste de réir bhrí Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
2. Féadfaidh an coiste teacht le chéile sna foirmíochtaí seo a leanas, ag féachaint don ábhar a bheidh le plé:

Foirmíocht na straitéise: Forléargas straitéiseach agus comhleanúnachas ar chur chun feidhme an Chláir Shonraigh ar fud a chláir oibre aonair, lena n-áirítear le Comhpháirtíochtaí Eorpacha;

- an Chomhairle Eorpach um Thaighde;
- gníomhaíochtaí Marie Skłodowska-Curie;
- an tSochaí;
- an Chomhairle Nuálaíochta Eorpach agus éiceachórais nuálaíochta Eorpacha;

- An Limistéar Eorpach Taighde agus rannpháirtíocht a mhéadú agus barr feabhais a leitheadú;
 - Bonneagair thaighde agus theicneolaíochta;
3. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 4 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
 4. I gcás ina ndéantar tagairt don mhír seo, beidh feidhm ag Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
 5. I gcás ina bhfuiltear chun tuairim an choiste a fháil trí nós imeachta i scríbhinn, déanfar an nós imeachta sin a fhoirceannadh gan toradh más rud é, laistigh den teorainn ama leis an tuairim sin a thabhairt, go gcinneann cathaoirleach an choiste amhlaidh nó go n-iarrann tromlach simplí de chomhaltaí an choiste amhlaidh.
 - 5a. I gcás na ngníomhartha cur chun feidhme atá le glacadh agus i gcás nach dtugann an Coiste aon tuairim, ní dhéanfaidh an Coimisiún an dréachtghníomh cur chun feidhme a ghlacadh agus beidh feidhm ag an tríú fómhír d’Airteagal 5(4) de Rialachán (AE) Uimh. 182/2011.
 - 5b. Cuirfidh an Coimisiún an Coiste ar an eolas go rialta agus go luath maidir le dul chun cinn foriomlán chur chun feidhme an Chláir Shonraigh. Soláthróidh sé faisnéis maidir leis na nithe seo a leanas: tionscadail aonair, lena n-áirítear feidhreachán a dhéanamh ar shaolré iomlán gach togra; toradh gach glao agus cur chun feidhme gach tionscadail; forghníomhú chomhpháirteanna agus fo-chomhpháirteanna bhuiséad Fhís Eorpach.
 6. I gcomhréir le comhaontuithe idirnáisiúnta arna dtabhairt i gcrích ag an Aontas, féadfar cuireadh a thabhairt d’ionadaithe ó thríú tíortha comhlachaithe nó ó eagraíochtaí idirnáisiúnta freastal ar chruinnithe choiste an Chláir Shonraigh mar bhreathnóirí faoi na coinníollacha a leagtar síos ina rialacha nós imeachta, agus slándáil agus ord poiblí an Aontais nó a Bhallstát á gcur san áireamh.

Airteagal 19

Aisghairm

Aisghairtear Cinneadh (AE) 764/2021 le héifeacht ón 1 Eanáir 2028.

Airteagal 20

Forálacha idirthréimhseacha

1. Ní dhéanfaidh an Cinneadh seo difear do leanúnachas ná do mhodhnú na ngníomhaíochtaí lena mbaineann, go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu, faoi Chinneadh (AE) 2021/764 a leanfaidh d'fheidhm a bheith aige maidir leis na ngníomhaíochtaí sin go dtí go gcuirfear clabhsúr orthu.
2. Ina theannta sin, féadfaidh imchlúdach airgeadais an Chláir Shonraigh na costais is gá maidir le cúnamh teicniúil agus riaracháin a chumhdach chun an t-aistriú idir an Clár Sonrach agus na bearta a glacadh faoina chinneadh, Cinneadh (AE) 2021/764, a áirithiú.

Airteagal 21

Teacht i bhfeidhm agus cur i bhfeidhm

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh.

Beidh feidhm aige ón 1 Eanáir 2028.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle

An tUachtarán